


Litearthacht agus Uimhearthacht le haghaidh Foghlaim don Saol 2011 – 2020

1

Athbhreithniú
Eatramhach



Cbl. 2 An rud ba chóir don aos óg a ghnóthú

– Achoimre ar spriocanna 2011

- ▶ Ár ndearcthaí ar litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú
 - ▶ Eochair-ról na dtuismitheoirí, an teaghlaigh agus an phobail
 - ▶ Pléisiúr sa léitheoireacht a chothú agus dearcadh níos dearfaí i dtaobh na Matamaitice a chothú
- ▶ Torthaí a fheabhsú ag:
 - ▶ Leibhéal na luath-óige
 - ▶ Trí inniúlacht cumarsáide agus cainte níos fearr chomh maith le bheith réidh le teanga agus smaointe na matamaitice a fhorbairt
 - ▶ Leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile
 - ▶ Spriocanna leagtha síos do L agus U agus monatóireacht déanta ar thorthaí trí Phlean Forbartha Scoile
 - ▶ Feasacht a mhéadú ar a thábhachtaí atá litearthacht dhigiteach
 - ▶ % de dhaltaí a mhéadú a ghlacann Ardleibhéal Matamaitice ag Teastas Sóisearach agus Ardeistiméireacht

spríocanna 2011 (ar lean)

- ▶ Sroicheadh mórán de na spríocanna cheana
 - ▶ Tá buíochas mór ag gabháil go háirithe dár múinteoirí agus dár dtuismitheoirí ach freisin d’eagraíochtaí amhail ÁNLA, don Chomhairle Mhúinteoireachta, do AONTAS, agus do leabharlanna mar gheall ar a gcuid oibre agus a dtiomantas d’fheabhsú
 - ▶ Cuireadh moill ar roinnt gníomhartha e.g. tástáil chaighdeánaithe ag an tsraith shóisearach
- ▶ Ní ann níos mó do chuid de na comhlachtaí a ainmníodh i Straitéis 2011, agus bunaíodh comhlachtaí nua (e.g. SOLAS) agus cuireadh fuinneamh nua i réimsí eile (e.g. COLO)
- ▶ ACH is gá:
 - ▶ “fórsaí a athmhúscailt ” don Straitéis L agus U atá againn
 - ▶ gan bheith réchúiseach cé gur baineadh amach mórán de na spríocanna cheana
 - ▶ béim a chur arís ar roinnt eochair-réimsí agus tús áite a thabhairt dóibh

Cbl. 3: Cur ar chumas Tuismitheoirí agus Pobal tacú le Forbairt L agus U Páistí

Gníomh 1 – Feachtas eolais náisiúnta

- Ghlac ÁNLA cur chuige ilmheáin:
 - Suíomh gréasáin- www.helpmykidlearn.ie
 - Clár teilifíse “the Family Project” ... a bhfuil 190,000 de lucht féachana aige
 - Sraith eile teilifíse ar na bacáin
- “Chuir an Straitéis comhthéacs lárpholasaí ar fail chun páistí, daoine óga agus aosaigh a nascadh i ndíospóireachtaí L agus U” (ÁNLA)
- Leabharlanna – feachtas “an ceart chun na léitheoireachta”
- AONTAS ... ag forbairt scileanna litearthachta agus bunscileanna ag aosaigh – chun go mbeidh aosaigh in ann tacú le foghlaim a gcuid páistí

Gníomh 2 – Comhairle agus eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí

- ▶ Tá L agus U curtha isteach ag scoileanna ina nósanna imeachta Féinmheastóireacht Scoile (FMS) Istigh iontu tá eolas agus deiseanna comhairliúcháin do thuismitheoirí
- ▶ D'fhoilsigh CNCM ábhair do thuismitheoirí chun tacú le scileanna matamaitice a gcuid páistí
- ▶ Molann FTO, bunaithe ar NAERM, níos mó béime ar ról tuismitheoirí i dtacú le foghlaim L agus U
- ▶ Soláthraíonn tacaíocht tuismitheoirí deis mhór le caighdeáin a ardú a thuilleadh in L agus U

Gníomh 3 – Tá rannpháirtíocht tuismitheoirí fite fuaite i bPleananna Feabhsaithe Scoile (PFS)

- ▶ I scoileanna DEIS, díríonn an t-oifigeach TBSP ar thuismitheoirí a thabhairt níos gaire d'fhoghlaim a bpáiste
- ▶ Ní mór do thuismitheoirí tuiscint iomlán a bheith acu ar a luachmhaire atá:
 - ▶ caint sa bhaile
 - ▶ na naisc idir litearthacht chainte, forbairt na huimhearthachta, fadhbhuascailt agus scileanna scríbhneoireachta
 - ▶ úsáid leabharlainne
- ▶ ACH is gá do scoileanna cur le rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfoghlaim a gcuid páistí agus lena dtacaíocht di

Gníomh 4 – Tionscnaimh éifeachtacha a aithint agus a fhoghlaim uathu

- Caithfear obair/cleachtas tionscnamh a n-éiríonn leo a aithint /a roinnt
- Bíonn foghlaim teaghlaigh ina droichead idir an baile agus oideachas foirmiúil
- De réir AONTAS
 - Tá treoir náisiúnta aoisoiriúnach de dhíth ar thuismitheoirí le go mbeidh ar a gcumas tacú lena bpáistí
- Ba chóir don ócáid náisiúnta dea-chleachtas a chur os comhair an phobail

Cbl. 3: Tuismitheoirí agus Pobail

Gníomh 5 & 6 – Díriú ar thionscnaimh, iad a comhordú agus tacú leo, tionscnaimh a neartaíonn na naisc idir an baile agus suíomhanna oideachais

- ▶ Tá gá le cur chuige náisiúnta atá níos comhtháite agus níos comhordaithe chun go n-oibreoidh tionscnaimh le chéile e.g.
 - ▶ Grúpa Stiúrtha “An ceart chun na léitheoireachta” – sampla maith d’obair thras-Rannach/ gníomhaireachta
 - ▶ Seirbhís Leabharlann Phoiblí do Scoileanna – comhpháirtíocht idir leabharlanna agus scoileanna
 - ▶ Sineirgí idir Straitéis FET agus Straitéis L&U
- ▶ Ach:
 - ▶ Is gá go mbeidh níos mó fócais ar thuismitheoirí atá faoi mhíbhuntáiste oideachais
 - ▶ An ról a aithint idir GBRÁ agus Údaráis Áitiúla
 - ▶ Comhpháirtíochtaí a fhorbairt taobh istigh den Earnáil FET chun cur le deiseanna dá bhfoghlaimeoirí

Cbl. 4: Cleachtas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí COLO a fheabhsú

Gníomh 1 - Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt maidir le huasoiliúint chleachtóirí COLO

- Tugann síneadh thionscnamh Státmhaoinithe COLO tuilleadh deiseanna
- Tá béim shoiléir ag Aistear ar L agus U
- Is gá go ndéantar comhordú ar chomhpháirtíochtaí i ngach grúpa atá páirteach in COLO, go háirithe ROS agus RLGÓ
- Cigireacht nua oideachais COLO chun caighdeáin a fheabhsú agus tacú leis sin

Gníomh 2 – Comhoibriú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi riachtanais iontrála do OTM

- Sprioc an-chasta le baint amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta
 - Cabhair ITES á lorg, tuairisc le teacht roimh i bhfad
- Ní leor an leibhéal cumais sa Ghaeilge ag dul isteach in OTM, go háirithe do Ghaelscoileanna. Sin mar atá maidir leis an Matamaitic. Ní mheastar gur treoir/tomhas maith iad torthaí na hArdteistiméireachta leo féin
- I dtuarascáil an Phríomhchigire chonacthas nach raibh teagasc na Gaeilge agus na Matamaitice sásúil sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil i mionlach suntasach de scoileanna
- Is gá tuilleadh FGL do mhúinteoirí sa Ghaeilge agus sa Mhatamaitic
 - Úsáid an uile chineál de chur chuige e.g. ar-líne agus FGL scoilbhunaithe

Cbl. 4: Cleachtas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí COLO a fheabhsú

Gníomh 3 & 4 – Déan athruithe ar OTM do mhúinteoirí bunoidreachais agus iar-bhunoideachais

- Comhlíonadh gach sprioc. Chuir an dá earnáil lena gcláir OTM
- Is réimsí éigeantacha staidéir iad L agus U
- Strus ar fheitheoirí le níos mó ama caite ag daltaí i socrúcháin scoile
- B'fhéidir nach bhfuil teagasc sa scoil socrúcháin ag teacht leis an gcleachtas lena bhfuiltear ag dúil
 - Na múinteoirí atá ag comhoibriú tá oiliúint de dhíth orthu chun gur féidir leo tacú le hábhair múinteoirí ina gcuid scoileanna
- Is ábhar imní é an cumas sa Ghaeilge agus sa Mhatamaitic, fiú i ndiaidh do mhic léinn céim a bhaint amach
- Tá gá le contanam in oideachas ar feadh an tsaoil do mhúinteoirí

Cbl. 4: Cleachtas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí COLO a fheabhsú

Gníomh 5 – Cuir cúrsaí iarchéime ar fáil le múinteoirí a dhéanamh inniúil do shuíomhanna Gaelscoile

- ▶ Luaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta, ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile, go bhfuil caighdeán Gaeilge riachtanach::
 - ▶ chun an Ghaeilge a theagasc mar ábhar
 - ▶ chun an Ghaeilge a úsáid le cumarsáid a dhéanamh agus le teagasc a dhéanamh
- ▶ Rudaí nach spreagann mic léinn OTM le staidéar a dhéanamh trí Ghaeilge
 - ▶ An creideamh gur fusa d'ábhair múinteoirí gnóthú go maith ina measúnaithe má dhéanann siad staidéar trí Bhéarla in áit trí Ghaeilge
- ▶ An tábhacht atá le huimhearthacht agus duine ag déanamh staidéir in OTM trí Ghaeilge
 - ▶ Is mó an aird a thugtar do litearthacht ná d'uimhearthacht

Gníomh 5 (ar lean) - Cuir cúrsaí iarchéime ar fáil le múinteoirí a dhéanamh inniúil do shuíomhanna Gaelscoile

- Cáineadh an chéad straitéis mar nár leagadh go leor béime ar an gcabhair a thugann an Ghaeilge d'fhorbairt scileanna litearthachta
 - Tá tacaíocht bhreise de dhíth in OTM le múinteoirí a ullmhú do Ghaelscoileanna agus do scoileanna Gaeltachta
- Is gá go mbeidh deiseanna ann chun ábhair múinteoirí a thumadh sa Ghaeilge le cinntiú gur leor caighdeán a gcuid Gaeilge, ní hamháin ar theacht isteach dóibh, ach ar chéimniú freisin, le bheith in ann teagasc i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
- I gcáilíocht na múinteoirí chun Gaeilge a mhúineadh i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge – aithin go foirmiúil an t-am agus an tiomantas a chuir na mic léinn isteach

Gníomh 6, 7 & 8 – Tacaíocht leanúnach do mhúinteoirí

- Tá tacaíocht do mhúinteoirí nuacháilithe ríthábhachtach – tabhair aitheantas don chabhair a thug CNIM
- Tá seo déanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta:
 - Bhunaigh sí a tionscnamh Droichead le haghaidh meantóireacht agus ionduchtú MNCanna le béim ar leith ar L agus U
 - Mhol sí contanam de FGL, mar a leagtar amach in Cosán – an creat náisiúnta d'fhoghlaim múinteoirí
- Tugann clár iarchéime Mata ROS & comhairleoirí tiomanta SFGM le haghaidh L agus U an iomad deiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí
- Tá tuilleadh oiliúna in L agus U de dhíth ar mhúinteoirí in oideachas speisialta, in Ógtheagmháil agus i suíomhanna iar-bhunscoile
- Ba chóir eiseamláirí nua a chur chun tosaigh, pobail chleachtais & foghlaim chomhoibríoch, mar shampla
- Tá dearbhú cáilíochta ar FGL riachtanach chomh maith le hábhair acmhainní CF

Cbl. 5: Inniúlacht ceannairí scoile a chothú

Gníomh 1, 2 & 3 – An tuiscint agus an tacaíocht do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí a fheabhsú, (lena n-áirítear Pnna agus Lpna nua agus dréimeacha) trí FMS, le measúnú agus teagasc L agus U a fheabhsú

- Thug Ionaid Oideachais tacaíocht d'oiliúint Pnna agus LPnna
- Bunú Lárionaid do Cheannairí Scoile in 2015
 - Ina mbeidh cáilíocht nua iarchéime a dhíreoidh ar L,U, measúnú agus FMS ar mhaithe le feabhsú scoileanna
- Tá ról ríthabachtach ag LPBÉ agus CNP chun FGL a éascú
- Molann an Chomhairle Mhúinteoireachta sainmhiniú níos leithne ar cheannaireacht ghairmiúil nuair a bhítear ag tabhairt faoi L agus U
- Ní mór freisin tosaíocht a thabhairt do cheannaireacht i suíomhanna COLO

Ch. 5: Inniúlacht ceannairí scoile a chothú

Beart 1,2 & 3 (ar lean) – An tuiscint agus an tacaíocht do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí a fheabhsú, trí FMS, chun teagasc agus measúnú L agus U a fheabhsú

- D'éirigh le FMS mar gheall gur chomhaontaigh ceannairí na scoileanna leis
- Thosaigh an chuid is mó de na scoileanna le tionscnaimh Litearthachta, agus Uimhearthacht ina dhiaidh sin
- ACH tá ceannairí scoile ar lorg:
 - níos mó daoine i bpoist agus
 - níos mó ama le haghaidh teagmháil bhríoch le FGL nó oiliúint laistigh de scoileanna
 - níos lú tionscnamh
 - chun go ndaingneofar tionscnaimh atá ann faoi láthair, go dtógfar sineirgí agus go gcothromófar agus go míneofar an caidreamh idir na tionscnaimh éagsúla

Cbl. 6: Feabhas a chur ar an gcuraclam agus ar an eispéireas foghlama

Gníomh 1 – Suíomhanna COLO

- In COLO:
 - Cigireachtaí oideachais nua chun tacú leis an gclár cáilíochta
 - Soláthar stáit le haghaidh 2ú bliain réamhscoile
 - tá deis ann le
 - Go gcuirfear Aistear i bhfeidhm go cuí
 - Go mbeidh FMS mar chuid de COLO
- Is gá go gcuirtear fuinneamh nua in L agus U i gcuraclam shuíomhanna COLO

Cbl. 6: An curaclam agus an t-eispéireas foghlama a fheabhsú - Bunscoil

Gníomh 2-7 - Bunscoileanna

- Curaclam Nua Teanga Bunscoile:
 - cuirfear i bhfeidhm é sna Naíonáin Shóisearacha go rang a dó ó Mheán Fómhair 2016
 - san áireamh tá Béarla agus Gaeilge (d'fhoghlaimoirí T1 agus T2)
 - tugann sé deis spreagúil ní hamháin d'fhoghlaim teanga ach d'fhorbairt litearthachta
 - tugann sé faill athchuart a thabhairt ar Aistear leis an teachtaireacht a neartú faoi L agus U
- Sa phlean idir 2016 agus 2020:
 - forbairtí sa Mhata
 - athbhreithniú níos ginearálta ar an gCuraclam Bunscoile
 - Treoir do mhúinteoirí maidir le himeascadh L agus U trasna an churaclaim

Cbl. 6: An curaclam agus an t-eispéireas foghlama a fheabhsú - Bunscoil

Gníomh 8 – Cur leis an am a chaitear ar L agus U

- D'iarr Ciorclán 56/2011 ar scoileanna cur leis an méid ama a chaitear ar L agus U ó Eanáir 2012 ar aghaidh
 - Do T1 le huair an chloig agus do Mhata le 70 nóiméad sa tseachtain
- Ach bhí inní ann:
 - go bhfuil T2, Gaeilge de ghnáth, thíos leis
 - go bhfuil sé deacair ag múinteoirí uimhearthacht a oibriú isteach trasna an churaclaim
- NAERM, 2014 – Tuairisc Feidhmiúcháin
 - Aithnítear inti gur gá béim níos mó a chur ar uimhearthacht
 - An gciallaíonn sin go bhfuil níos mó ama riachtanach do Mhata?
- Ní mór tús áite a thabhairt do litearthacht dhigiteach agus do mheán digiteach le tacú le forbairt scileanna litearthachta digiteacha agus uimhearthachta.

Gníomh 9 & 10 – Tús áite a thabhairt do Bhéarla agus Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí

- ▶ Sonraíocht Bhéarla SS:
 - ▶ curtha i bhfeidhm ó M.F. 2014
 - ▶ béim ar léitheoireacht, scríbhneoireacht agus caint
 - ▶ Tugtar tús áite do scileanna L agus U
 - ▶ An chéad PGSS i bhfómhar 2017
 - ▶ FGL do SSM le haghaidh ceannairí scoile agus múinteoirí
 - ▶ Ráitis CLSS á n-ailiniú le torthaí foghlama Béarla SS
- ▶ Tá forbairt shonraíocht Ghaeilge SS á cur chun tosaigh
 - ▶ Cur chuige dériain a dhéanann difreáil idir scoileanna ag a bhfuil Gaeilge mar T1 nó T2
 - ▶ Beidh fócas ar leith aige ar scileanna cainte
 - ▶ Is é an cúram atá ar OTM go ndéanfar freastal ar na riachtanais litearthachta ar leith atá ag daltaí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, lena n-áirítear a scileanna cognaíocha agus a scileanna ardoird smaointeoireachta.

Gníomh 11 – Forbairtí sa Mhatamaitic

- Siollabais nua SS agus AT (Tionscnamh Mata) ann
- Tuilleadh ama gnóthaithe trí Chiorcláin Roinne do L agus U agus curtha ar fáil
- Méadú ar % d'iarrthóirí ag déanamh AL AT Matamaitic ó
 - 17% in 2010 go 26% in 2015
 - is é 30% an sprioc faoi 2020
- Méadú in % d'iarrthóirí ag déanamh AL SS Mata ó
 - 45% in 2010 go 55% in 2015
 - Is é 60% an sprioc in 2020
- Léiríonn measúnuithe idirnáisiúnta nach bhfuil mórán úsáide á baint as TFC le tacú le teagasc agus foghlaim uimhearthachta
- Caithfidh torthaí taighde treoir a thabhairt d'obair eile sa Mhata amach anseo

Cbl. 6: An curaclam agus an t-eispéireas foghlama a fheabhsú – Iar-bhunscoil

Gníomh 12 & 13 – As SS a thagann forbairtí sa tSraith Shinsearach agus tugann siad níos mó ama le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar scileanna L agus U

- ▶ Mar gheall ar an bhfócas ar an SS, tá dul chun cinn ar obair ar athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach, ach tá sé ag tarlú ag ráta níos moille
- ▶ Na sonraíochtaí nua uile sna hábhair, ba choir go gcabhródh siad le daltaí tuilleadh scileanna L agus U a fhorbairt in ábhair éagsúla
- ▶ Léiríonn sonraíochtaí ábhair SS cheana an ról atá ag L agus U mar phríomhscileanna SS
- ▶ Cheana féin i sonraíochtaí ábhair SS tá béim ar ról L agus U mar phríomhscileanna SS

Cbl. 7: Ag cabhrú le daltaí le riachtanais bhreise foghlama chun barr a gcumais a bhaint amach

Gníomh 1 – An tábhacht atá le soláthar níos fearr L agus U do dhaltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste

- ▶ Mar gheall ar sholáthar nua COLO tá deiseanna suntasacha nua ann le dul i ngleic le míbhuntáisti níos luaithe
- ▶ In 2005 seoladh clár DEIS agus bhí bearta ann a raibh spriocanna leo sa L agus san U, tugadh tús áite do theacht ar chlár L agus U, agus chuir tionsnaimh béim ar an bpléisiúr sa Mhata agus sa léitheoireacht
- ▶ Léiríonn NAERM 2014 an bhearna idir scoileanna Deis i mbanda uirbeach 1 agus daltaí i scoileanna eile sa léitheoireacht agus sa Mhata –
 - ▶ ba chóir spriocanna ar leith a fhorbairt dóibh sin i scoileanna Deis i mbanda uirbeach
- ▶ Fuair FTO amach gur mion minic a bhíonn athrú príomhoide in iar-bhunscoileanna DEIS – fágann sin gur deacair dul chun tosaigh leanúnach a dhéanamh i réimsí mar L agus U.

Cbl. 7: Cabhair a thabhairt do dhaltá a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu chun barr a gcumais a bhaint amach

Gníomh 2 & 3 – Riachtanais daltaí BTB agus RSO

- ▶ Daltaí BTB:
 - ▶ Tabhair tosaíocht do dhaltá den chéad ghlúin agus den dara glúin
 - ▶ Tabhair tosaíocht dá gcuid riachtanas ag COL agus i suíomhanna eile oideachais
- ▶ Easpa fianaise ar dhul chun cinn go dtí seo do cohórt BTB
- ▶ Léiríonn NABMSE na riachtanais ar leith atá ag daltaí BTB a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chomh maith
- ▶ Briseann eiseamláir LAG an t-idirdhealú idir acmhainn agus tacaíocht foghlama
- ▶ I gCláir nua Foghlama Leibhéal 2 agus 1 in SS tá deiseanna nua foghlama ann do dhaltá RSO
- ▶ Is maith an rud an bhéim ar L agus U, trí FMS, i scoileanna speisialta
- ▶ Ní raibh aon fhianaise ann ar leibhéal náisiúnta go raibh níos mó béime ar dhaltá ardchumasacha – caithfear tosaíocht a thabhairt dóibh.

Gníomh 4 – Cáilíocht sholáthar L agus U in Ógtheagmháil agus CTS a fheabhsú

- ▶ Faigheann Ógtheagmháil agus CTCanna cabhair ó acmhainní mar:
 - ▶ Treoirlínte SNSO (2013) ar dhea-chleachtas i dteagasc scileanna bunúsacha L agus U
 - ▶ Treoirlínte Oibreora do Chlár Ógtheagmhála (2015)
- ▶ Tá na luachanna céanna agus na cuspóirí céanna ag Straitéis L agus U 2011 agus Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna (2014 – 2019) a bhaineann le L agus U chun torthaí a fheabhsú dá bhfoghlaimeoirí
- ▶ Sna lárionaid tá gá le FGL don fhoireann i modhanna L agus U
- ▶ Is gá tosaíocht a thabhairt don earnáil FET i Straitéis L agus N ó 2016-2020

Cbl. 7: Cabhair a thabhairt do dhaltáí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu chun barr a gcumais a bhaint amach

Gníomh 5 – Tuiscint níos fearr a chothú ar ról teiripe urlabhra agus teanga do dhaltáí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

- ▶ I dtaighde a rinne SNTI agus Ollscoil Luimnigh, tá béim ar:
 - ▶ na riachtanais in urlabhra agus i dteanga atá ag daltaí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta acu agus an tábhacht atá leo
 - ▶ an riachtanas le fócas sa scoil uile ar scileanna teanga labhartha chomh maith le scileanna teanga scríofa
 - ▶ a thábhachtaí atá sé go mbeidh daltaí páirteach i ndéanamh cinntí faoina gcuid foghlama féin
- ▶ Ba chóir do thacaíocht díriú ar naisc idir riachtanais urlabhra, teanga agus cumarsáide agus rannpháirtíocht oideachasúil daltaí a bhfuil RSO acu

Cbl. 8: Measúnú agus meastóireacht a fheabhsú chun tacú le foghlaim níos fearr in L agus U

Gníomh 1 – Cumas múinteoirí agus cleachtóirí COLO a fheabhsú le húsáid modhanna measúnaithe agus sonraí

- Tá measúnú agus meastóireacht ríthábhachtach i dtaca le COLO d'ardchaighdeán a sholáthar
 - Tá tacaíochtaí de dhíth... Síolta: Clár Dearbhaithe Cáilíochta – bealach chun cinn agus cuireann sé le Treoir Cleachtais Aistear agus Síolta
- Ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile:
 - Measúnú don fhoghlaim: is gné thábhachtach de chleachtas teagaisc agus foghlama é sin i gcuraclaim bunscoile agus iar-bhunscoile
 - Tá CNCM chun foirm nua tuairisce a chruthú le tacú le haistriú ó COLO go bunscoileanna
 - Ceadáíonn pas oideachais CNCM aistriú sonraí ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna
 - Tá foirm riachtanais oideachais speisialta ar fáil freisin le haistriú bhunscoil go hiar-bhunscoil
 - Tá córas nua tuairisce, a bhfuil bronnadh an PGSS mar bhuaicphointe aige, á thabhairt isteach
 - Ceadáíonn tástáil chaighdeánaithe ag rang 2, 4, agus 6 dul chun cinn dalta a rianú ACH tá minicíocht a leithéid de thástáil faoi bhreithniú

Cbl. 8: Measúnú agus meastóireacht a fheabhsú le tacú le teagasc agus foghlaim níos fearr in L agus U do dhaltaí aonair

Gníomh 2 - Feabhas a chur ar úsáid eolais ó mheasúnú chun tacú le teagasc agus foghlaim níos fearr in L agus U do dhaltaí aonair

- Is gá go mbeadh idirghabháil luath ann chun cosc a chur le deacrachtaí foghlama
- I scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, ar chóir deireadh a chur le TCanna i mBéarla i rang 2 (i.e. TCanna i mBéarla i rang 4 agus i rang 6 amháin)?
- Agus curaclam nua teanga i bhfeidhm nár chóir go gcaithfeadh scoileanna Béarla TCanna i nGaeilge a dhéanamh i rang 4 agus rang 6?
- Níl TCanna á gcur i bhfeidhm sa dara bliain den SS sa ghearrthéarma go meántéarma
- Ba chóir measúnú múnlaiteach agus measúnú suimitheach a úsáid le chéile chun tacú le foghlaim sa SS agus sa tSraith Shinsearach
- Ba chóir smaoineamh ar ualú marcanna do L agus U, ag brath ar an ábhar atá faoi scrúdú

Gníomh 3 – Cinntigh go n-úsáideann gach scoil sonraí measúnaithe chun eolas a dhéanamh dá bpleananna feabhsaithe scoile 3 bliana (PFSanna)

- Ó 2012, caithfidh gach bunscoil agus iar-bhunscoil
 - Tabhairt faoi FMS agus PFS a fhorbairt
 - Is gnéithe ríthábhachtacha den phróiseas seo L agus U
- Éilíonn FMS úsáid sonraí measúnaithe agus leagan síos spriocanna ar leith i bplean 3 bliana L agus U.
 - Faoi M.F. 2015, d'fhreagair 95% de bhunscoileanna agus 88% d'iar-bhunscoileanna do shuirbhé FMS ar líne
 - Díobh sin, bhí tuairiscí FMS ullmhaithe ag 95% de bhunscoileanna agus 79% d'iar-bhunscoileanna
 - Bhí PFS curtha le chéile ag 95% de bhunscoileanna agus 61% d'iar-bhunscoileanna
 - Tá FMS agus PFS curtha ar fáil do phobal na scoile uile ag 66% de bhunscoileanna agus ag 40% d'iar-bhunscoileanna
 - Is gá sonraí a scaipeadh ar thuismitheoirí
 - Is gá tosaíocht a thabhairt dó sin don chuid eile den straitéis L agus U.

Cbl. 8: Measunú agus meastóireacht a fheabhsú chun tacú le foghlaim níos fearr in L agus N

Gníomh 4 agus 5 – Feabhas a chur ar conas is féidir teacht ar shonraí measúnaithe L agus U ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta ionas gur féidir comparáid a dhéanamh le tíortha eile forbartha

- ▶ Is cuidiú í rannpháirtíocht i suirbhéanna measúnaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun ionchuir a threorú, ciall a bhaint as torthaí agus comparáid a dhéanamh le comhpháirtithe idirnáisiúnta
- ▶ TIMSS agus PISA - rinneadh na suirbhéanna sin in 2015 – torthaí faoi dheireadh 2016
 - ▶ ePIRLS – suirbhé in 2016
 - ▶ Ó thaobh na léitheoireachta agus an Mhata tá Éire gach pioc chomh maith le tíortha eile, ach i gcomparáid leis na tíortha is airde sna suirbhéanna, tá Éire faoi na tíortha sin, go háirithe sa Mhata
- ▶ Taispeánann NAERM 2014 :
 - ▶ an chéad fheabhas suntasach sa léitheoireacht ag daltaí bunscoile le 30 bliain
 - ▶ Níos lú daltaí ag an leibhéal léitheoireachta is ísle agus níos mó ag an leibhéal is airde

Gníomh 4 agus 5 (ar lean.) – Feabhas a chur ar conas is féidir teacht ar shonraí measúnaithe L agus U ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta ionas gur féidir comparáid a dhéanamh le tíortha forbartha eile

- ▶ Is tuar dóchais na torthaí ó mheasúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ó thuairiscí eile, mar CHIRP, ACH aibhsíonn siad réimsí laige a bhfuil obair le déanamh orthu
 - ▶ Inniúlacht daltaí san uimhearthacht a fheabhsú, go háirithe an cumas réasúnaithe, foghlaim a chur i bhfeidhm agus tabhairt faoi phróisis fadhbréitigh
 - ▶ Feidhmíocht daltaí ardfheidhmíochta a fheabhsú sa litearthacht agus san uimhearthacht agus ionchais faoina ngnóthachtáil a mhéadú
 - ▶ Gnóthachtáil buachaillí sa léitheoireacht agus cailíní sa Mhata a neartú

Cbl. 8: Measúnú agus meastóireacht a fheabhsú le tacú le foghlaim níos fearr in L agus U

Gníomh 4 agus 5 (ar lean) – Feabhas a chur ar conas is féidir teacht ar shonraí measúnaithe L agus U ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta ionas gur féidir comparáid a dhéanamh le tíortha forbartha eile

Réimsí laige eile a bhfuil obair le déanamh orthu:

- Gnéithe áirithe de sholáthar i scoileanna a fheabhsú nó a leathnú, lena n-áirítear pleanáil múinteoirí, úsáid straitéisí measúnaithe, úsáid TFC, agus i gcás na Mata, úsáid cur chuige teagaisc mar fhoghlaim bunaithe ar fhionnachtain, fadh bréiteach i gcomhthéacsanna fíorshaoil
- Bearta breise a chur ar fáil le soláthar litearthachta agus uimhearthachta i scoileanna DEIS a neartú
- Feasacht a fhorbairt i measc daoine fásta ar thábhacht litearthachta agus uimhearthachta ina saol oibre agus ina saol pearsanta
- Deiseanna a sholáthar do dhaoine fásta a gcumas i litearthacht agus in uimhearthacht a fhorbairt

Cbl. 8: Measúnú agus meastóireacht a fheabhsú le tacú le foghlaim níos fearr in L agus U

Gníomh 6 – Féinmheastóireacht agus cigireacht sheachtrach a úsáid le tacú le feabhsuithe i ngnóthachtaí L agus U

- Tá FMS á daingniú i gcleachtas scoile
- Bíonn páirt lárnach ag L agus U i meastóireacht an Bhéarla, na Gaeilge agus na Mata i ngach cigireacht ar an scoil uile i mbunscoileanna
- In iar-bhunscoileanna, díritear ar fhorbairt traschuraclaim L agus U i gcigireachtaí scoile

Cbl. 8: Measúnú agus meastóireacht a fheabhsú le tacú le foghlaim níos fearr in L agus U**Gníomh 6 (ar lean) – Féinluacháil agus cigireacht sheachtarch a úsáid le tacú le feabhsuithe i ngnóthachtaí L agus U**

- Ó 2012 ar aghaidh, i gcigireachtaí ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile:
 - léirítear leibhéil arda sásaimh leis na torthaí foghlama sa Bhéarla ACH aibhsíodh an gá le feabhsuithe i gcleachtais measúnaithe
 - bhí na cuir chuige sa teagasc agus san fhoghlaim d'uimhearthacht sásúil ag leibhéal bunscoile ACH ag leibhéal iar-bhunscoile, ní raibh na leibhéil sásaimh chomh hard céanna
 - ag an dá leibhéal, tugadh faoi deara gurbh fhéidir na cleachtais pleanála agus measúnaithe a fheabhsú
- Tá an Chigireacht ag tabhairt chun críche tuarascáil ar anailís ar shonraí TC (Tástáil Chaighdeánaithe) do 2011/12 agus 2012/13
- Is gá a chinntiú nach bhfuil ualach rómhór ann maidir le measúnú e.g. athbhreithnigh minicíocht na tástála caighdeánaithe

Dréachtréimsí tosaíochtaí do Straitéis L&U 2016-2020

- ▶ Daingnigh L agus U - tabhair aitheantas don obair a rinneadh go dtí seo agus do thiomantas ár múinteoirí agus tóg air sin
- ▶ Ardaigh na caighdeáin in L agus U, trí ghlacadh níos mó leis an chur chuige comhpháirtíochta
 - ▶ scoileanna, tuismitheoirí, gníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla ó na luathbhlianta a fhad le FET
 - ▶ úsáid an iomad tionscnaimh iontacha pobail le dea-chleachtas a chur chun cinn – cuir sin os comhair an phobail e.g. ag ócáid náisiúnta
- ▶ Neartaigh soláthar uimhearthachta i ngach earnáil, go háirithe maidir le scileanna a bhaineann le réasúnú, feidhmiú agus fadhbréiteach
 - ▶ Le béim a chur ar an teachtaireacht seo ba chóir ainm eile a thabhairt ar an Straitéis, mar atá, Straitéis Uimhearthachta agus Lítearthachta

Dréachtréimsí tosaíochtaí do Straitéis L&U 2016-2020

- Neartaigh soláthar litearthachta don Ghaeilge in OTM, i scoileanna Gaeilge agus i scoileanna Gaeltachta, ach freisin i scoileanna ina bhfuil sí mar T2, mar réimse scoite agus trasna an churaclaim
- Dírigh ar fhorbairt scileanna litearthachta digiteacha agus úsáid na meán digiteach
- Tacaíocht bhreise do dhaltaí i scoileanna DEIS, go háirithe DEIS Uirbeach Banda 1 agus do dhaltaí BTB i litearthacht an Bhéarla
- Cuir le gnóthachtálacha na ndaltaí ardfheidhmíochta
- Neartaigh gnóthachtáil buachaillí sa léitheoireacht agus cailíní sa Mhata

Dréachtréimsí tosaíochtaí do Straitéis L&U 2016-2020

- ▶ Cuir tacaíocht bhreise ar fáil do dhaoine fásta nuair is gá
 - ▶ Feasacht ar, páirtíocht I agus tacaíocht d'fhoghlaim páistí
 - ▶ Inniúlacht daoine fásta a fheabhsú
 - ▶ Úsáid an tacaíocht is féidir a fháil ó earnáil FET agus tionscnaimh phobail
- ▶ Daingnigh cur i bhfeidhm AISTEAR san earnáil COLO
- ▶ Taobh istigh de struchtúir OTM, Droichead agus Cosán, cuir le cumas múinteoirí Mata, Gaeilge & Litearthacht dhigiteach a mhúineadh (& trí Ghaeilge) agus a gcuid teagaisc a dhifreáil
 - ▶ Cur chuige iltaobhach do thacaíochtaí L & U le linn OTM agus ghairm na múinteoireachta
 - ▶ Athbhreithnigh leibhéil iontrála agus imeachta do mhic léinn OTM in L (Béarla agus Gaeilge) agus U. Scrúdaigh freisin na bearta breise a d'fhéadfadh cabhrú le hearnáil na scoileanna Gaeilge

Dréachtréimsí tosaíochtaí do Straitéis L&U 2016-2020

- ▶ Cuir leis an tacaíocht do cheannairí i suíomhanna COLO – cur i bhfeidhm AISTEAR and úsáid FMS
- ▶ Lean leis an tacaíocht do cheannaireacht scoileanna tríd an Lárionad Ceannaireachta Scoile
 - ▶ Ullmhú do phríomhoidí ionchasacha
 - ▶ FGL do phríomhoidí atá ann faoi láthair
 - ▶ Daingnigh cur i bhfeidhm traschuraclaim litearthachta agus uimhearhachta i ngach earnáil – treoir bhreise agus tacaíocht FGL etc.
- ▶ Lean le forbairt agus cur i bhfeidhm curaclam teanga nua (Béarla agus Gaeilge) agus Mata ag leibhéal bunoidreachais agus leibhéal iar-bhunoideachais

Dréachtréimsí tosaíochtaí do Straitéis L&U 2016-2020

- ▶ Tabhair tosaíocht do mheasúnú foirmitheach agus suimitheach agus sonraí a roinnt, go háirithe le tuismitheoirí agus foghlaimeoirí
- ▶ Lean leis an bpáirtíocht i suirbhéanna náisiúnta agus idirnáisiúnta
- ▶ Athbhreithnigh ionchais maidir le tástáil chaighdeánaithe i mBéarla, i nGaeilge agus sa Mhata do bhunscoileanna Béarla agus do Ghaelscoileanna
- ▶ Daingnigh cleachtais a bhaineann le haistriú eolas measúnaithe idir suíomhanna oideachais agus úsáid fhoirmitheach eolas dá leithéid
- ▶ Daingnigh an próiseas FMS i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

Anois, do shealsa

Ba mhaith linn go ndéanfá machnamh orthu seo: